RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1620 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Lúnasa 2023

maidir le bearta éigeandála sealadacha lena maolaítear i leith na bliana 2023 ó fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun fadhbanna sonracha a réiteach in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí de bharr drochtheagmhais mheitéareolaíochta agus bearta a bhaineann leo

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 ([1]) agus (AE) Uimh. 1307/2013, agus go háirithe Airteagal 148(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bharr drochtheagmhais thromchúiseacha meitéareolaíochta a tharla i réigiúin roinnt Ballstát in earrach na bliana 2023, rinneadh dochar mór do tháirgeadh torthaí agus glasraí, rud a chuir isteach ar an méid a tháirgtear agus ar a cháilíocht, agus bhí céatadán níos airde táirgí aicme II ann agus praghsanna neamhchothromaithe i measc na gcáilíochtaí dá bharr. Sa Spáinn, beidh laghdú 50 % ar a laghad ar an táirgeadh a bhí beartaithe i réigiún na Catalóine mar gheall ar an triomach a bhí ann, agus i réigiún Emilia-Romagna san Iodáil, scriosadh an táirgeadhmar gheall ar thuile. Bhí tionchar tromchúiseach ag triomaigh freisin ar leibhéal an táirgthe agus ar a cháilíocht i roinnt réigiún sa Fhrainc agus sa Phortaingéil.

(2) I bhfianaise na ndrochtheagmhas tromchúiseach meitéareolaíochta in earrach na bliana 2023, tá deacrachtaí ag go leor eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a gcláir oibríochtúla fhormheasta a chur chun feidhme. Ní chuirfear cuid de na gníomhaíochtaí agus de na bearta ceadaithe chun feidhme in 2023 agus dá bhrí sin ní chaithfear cuid de na cistí oibríochtúla. Tá eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta eile agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí ag leasú a gclár oibríochtúil d'fhonn idirghabhálacha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na ndrochtheagmhas tromchúiseach meitéareolaíochta in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, amhail idirghabhálacha atá dírithe ar chuspóirí coiscthe géarchéime agus bainistíochta riosca.

(3) Eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, mar chuid dá gcláir oibríochtúla formheasta, féadfaidh siad idirghabhálacha a chur chun feidhme a shaothraíonn cuspóirí um chosc agus um bainistiú géarchéimeanna in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí dá dtagraítear in Airteagal 47(2), pointí (f), (g) agus (h) de Rialachán (AE) 2021/2115 atá beartaithe lena n-athléimneacht i leith suaitheadh sa mhargadh a mhéadú.

(4) Mar sin féin, de bhun Airteagal 50(7), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/2115, ní bheidh idirghabhálacha den sórt sin níos mó ná aon trian den chaiteachas iomlán faoin gclár oibríochtúil. Chun breis solúbthachta a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí a bhfuil tionchar ag drochtheagmhais thromchúiseacha meitéareolaíochta earrach na bliana 2023 orthu agus chun a chumasú dóibh na hacmhainní faoi chláir oibríochtúla a dhíriú ar aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí imeachtaí den sórt sin, níor cheart go mbeadh feidhm ag an riail sin sa bhliain 2023.

(5) Is gá go mbeadh eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí in ann cistí, lena n-áirítear cúnamh airgeadais ón Aontas laistigh den chiste oibríochtúil, a atreorú chuig na hidirghabhálacha is gá chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na ndrochtheagmhas meitéareolaíochta tromchúiseacha in earrach na bliana 2023. Chun a áirithiú go mbeidh eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta in ann déanamh amhlaidh, is gá an teorainn ar chúnamh airgeadais ón Aontas a leagtar síos in Airteagal 52(1) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2115 sa bhliain 2023 a mhéadú ó 50 % go 60 % den chaiteachas iarbhír arna thabhú.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 1.

(6) I bhfianaise nádúr gan fasach na ndrochtheagmhas meitéareolaíochta tromchúiseacha in earrach na bliana 2023, is gá na deacrachtaí sin a scaoileadh trí mhaolú a dhéanamh ach gan é sin a dhéanamh ach a mhéid atá fíorriachtanach agus le haghaidh na bliana 2023 amháin, ó fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) 2021/2115 is infheidhme maidir le hidirghabhálacha in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí.

(7) I bhfianaise an ghá atá ann gníomhú láithreach, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste an Chomhbheartais Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maoluithe sealadacha ar Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le torthaí agus glasraí

1. De mhaolú ar phointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 50(7), de Rialachán (AE) 2021/2115, ní bheidh feidhm sa bhliain 2023 ag an teorainn d'aon trian den chaiteachas iomlán ar idirghabhálacha laistigh de na cineálacha idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 47(2), pointí (f), (g) agus (h), den Rialachán sin, ii gceantair a raibh tionchar ag drochtheagmhais thromchúiseacha mheitéareolaíochta orthu le linn earrach 2023, ar ceantair iad atá le sainaithint ag na Ballstáit.

2. De mhaolú ar Airteagal 52(1) de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas sa bhliain 2023 maidir le ciste oibríochtúil na n-eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a raibh tionchar ag drochtheagmhas tromchúiseach meitéareolaíochta earrach 2023 orthu agus atá le sainaithint ag na Ballstáit, níor cheart é a dhul thar mhéid ranníocaíocht airgeadais an Aontais le cistí oibríochtúla arna bhformheas ag na Ballstáit le haghaidh na bliana 2023 agus beidh sé teoranta do 60 % den chaiteachas iarbhír arna thabhú.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo go dtí an 31 Nollaig 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Lúnasa 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN